

BUISEAD NA HEORPA

comhtháthú i gcroílár thodhchaí an Aontais

MÍ IÚIL 2025

Tá an Beartas Comhtháthaithe ar cheann de cholúin Bhuiséad an Aontais le haghaidh na tréimhse 2028-2034. Leis an mBeartas Comhtháthaithe, infheistear i réigiúin ar fud an Aontais gan aon duine a fhágáil ar lár, mar shampla trí bhonneagar iompair agus fuinnimh a thógáil agus trí thacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide nuálacha agus do thionscnaimh inbhuanaithe forbartha uirbí agus tuaithe.

Cén fáth ar tosaíocht é an méid sin?



D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá 29 % de dhaonra an Aontais nó thart ar 130 milliún duine fós ina gcónaí i réigiúin ina bhfuil OTI per capita faoi bhun 75 % de mheán an Aontais



Chun a chinntiú go mbeidh deiseanna ag gach saoránach a bheith rathúil san áit a bhfuil siad sa bhaile ann



Chun é a chur ar a chumas do gach réigiún agus saoránach rannchuidiú leis an rathúnas agus leis na deiseanna a eascraíonn as Margadh Aonair an Aontais agus tairbhe a bhaint astu



Chun leas a bhaint as acmhainneacht gach réigiúin chun Aontas níos láidre a thógáil



Cad atá beartaithe ag an gCoimisiún?

- **Tacaíocht a thabhairt do gach réigiún**, agus ardleibhéal cistiúcháin don chomhtháthú
- Tacaíocht a chur ar fáil don chomhtháthú trí **Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí**, rud a thabharfaidh príomhuirlisí cistiúcháin an Aontais le chéile san aon áit amháin
- **Tacaíocht a dhíriú ar réigiúin bheagfhorbartha**: Déantar méid íosta a choimirciú do réigiúin bheagfhorbartha
- **Forálacha maidir le bearta spriocdhírithe** faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí le haghaidh cathracha, limistéir thuaithe, na réigiún ar na teorainneacha thoir, oileán agus na réigiún is forimeallaí
- **Sineirgí** le beartais eile chun tionchar gach euro a infheistítear a uasmhéadú
- **Beartas Comhtháthaithe níos solúbtha** a bheidh in ann freagairt ar ghéarchéimeanna agus ar thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar bhealach níos fearr, agus fócas fadtéarmach á choinneáil an tráth céanna, a mbeidh níos lú srianta téamacha ag baint leis agus a chuirfidh ar a gcumas do na réigiúin idirghabhálacha a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha
- Cur chuige atá bunaithe ar an mbainistíocht chomhroinnte, ar an gcomhpháirtíocht agus ar an rialachas il-leibhéil le húdaráis réigiúnacha atá rannpháirteach go hiomlán i gceapadh agus cur chun feidhme na bpleananna

Cad a chiallaíonn sé sin ó thaobh costais de?



Beidh thart ar **EUR 450 billiún** ar fáil don chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, an t-iascach agus pobail tuaithe san áireamh



Tá **EUR 218 mbilliún** ar a laghad curtha i leataobh do réigiúin bheagfhorbartha, agus tá ceanglas ar na Ballstáit cistí a leithdháileadh ar na réigiúin sin



Faigheann Ciste Dlíthpháirtíochta na hEorpa atá ann faoi láthair buiséad a bhfuil méadú faoi thrí tagtha air, is é sin **EUR 20 billiún**, laistigh den **tSaoráid** do Gníomhaíochtaí an Aontais



Gheobhaidh clár reatha Interreg um chomhar críochach buiséad níos airde, is é sin **EUR 10 mbilliún**



Beidh cistiú breise ar fáil ó Shaoráid an Aontais faoin tacaíocht do **Gníomhaíochtaí an Aontais** ar fiú **EUR 11,5 billiún** í, gníomhaíochtaí a bhaineann le cathracha, nuálaíocht idir-réigiúnach agus tionscadail trasteorann mar shampla



Rátaí cómhaoinithe difreáilte bunaithe ar leibhéal forbartha gach réigiúin



Conas a dhéanfaidh an buiséad difear sa réimse sin?

- Comhtháthaítear comhtháthú le cláir chistiúcháin eile, rud a mhéadaíonn a thionchar
- Le leabhar rialacha aonair maidir leis na cláir chistiúcháin uile, laghdófar rómhaorlathas agus déanfar rochtain ar chistiú a shimpliú do thairbhíthe
- Leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, déanfar gníomhaíochtaí nithiúla áitbhunaithe de thosaíochtaí an Aontais agus beidh siad curtha in oiriúint do gach cineál críoch